


Léigh tuilleadh >

# An bhfuil tú réidh do ról ceannaireachta I gCáin Idirnáisiúnta?

Tar ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Phríomhoifigeach - Speisialtóir Praghsála Aistrithe

Tóg an chéad chéim eile i do ghairm agus déan difríocht.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Tar ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Phríomhoifigeach - Speisialtóir Praghsála Aistrithe




Ionadaíocht a dhéanamh ar na Coimisiéirí Ioncaim ar ardán idirnáisiúnta.

Teagmháil dhíreach a dhéanamh le cuid de na cuideachtaí ilnáisiúnta is mó ar domhan.

Freastal ar chruinnithe idirnáisiúnta.

Taispeáin do shaineolas teicniúil, ceannaireachta agus idirbheartaíochta.

Léigh tuilleadh >

# Eolas faoin Ról:

**Mar Phríomhoifigeach i bPraghsáil Aistrithe, glacfaidh tú post bainistíochta agus beidh tú i gceannas ar fhoireann speisialaithe saineolaithe Praghsála Aistrithe**

Inár bhfeidhmeanna Iniúchta agus Comhlíontachta, beidh tú i gceannas ar d'fhoireann maidir le measúnuithe riosca agus idirghabhálacha comhlíontachta a dhéanamh, agus déanfaidh tú iniúchtaí praghsála aistrithe domhain do chorparáidí ardphróifíle.

I Rannóg na gCánacha Idirnáisiúnta, beidh tú i gceannas ar d'fhoireann i gcaibidlíocht díospóidí cánach idirnáisiúnta casta le húdaráis chánach eachtracha, agus beidh deis agat ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta.

Léigh tuilleadh >

# Bunriachtanais Iontrála

- Leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí tar éis eacnamaíocht, cánachas, cuntasaíocht, dlí, gnó, staitisticí, anailísíocht, nó disciplín airgeadais a ghlacadh mar phríomhábhar sa scrúdú céime deiridh.

NÓ

- Cáilíocht mar chomhairleoir cánach, cuntasóir, dlíodóir nó abhcóide (i.e. ballraíocht nó teidlíocht chun ballraíochta de chomhlacht gairmiúil aitheanta sna réimsí sin).

AGUS

- 5 bliana ar a laghad de thaithí theicniúil agus phraiticiúil ábhartha praghsála aistrithe i ngnólacht gairmiúil mór, i ngnó mór corparáideach, nó in Eagraíocht na hEarnála Poiblí.

AGUS

- Ar a laghad 5 bliana de thaithí ábhartha ceannaireachta agus bainistíochta i ngnólacht gairmiúil mór, i ngnó mór corparáideach, nó in Eagraíocht na hEarnála Poiblí.

Léigh tuilleadh >

# Cén fáth na Coimisinéirí Ioncaim?

**Mar chuid dár bhFoirne Praghsála Aistrithe, beidh deis agat ceannaireacht a thaispeáint ar scála domhanda, agus cáil na gCoimisinéirí Ioncaim a neartú tuilleadh i measc comhghleacaithe domhanda.**

Mar chuid de do ról:

- beidh an cumas agat feabhas a chur ar do chuid scileanna reatha,
- beidh deis uathúil agat chun tionchar a imirt i mbeartas agus reachtaíocht chánach agus é a stiúradh,
- cabhróidh tú le difríocht a dhéanamh ar scála mór, agus,
- beidh ról ríthábhachtach agat maidir leis an gcóras cánach a choinneáil cothrom do gach duine.

Léigh tuilleadh >

# Buntáistí



Tuarastal tosaigh de €107,081, a ardaíonn gach bliain le seirbhís shásúil.

Saoire Bhliantúil 30 Lá.

Socruithe oibre solúbtha agus tionscnaimh chun tacú le folláine agus le cothromaíocht oibre is saoil.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

[Léigh tuilleadh >]

# Cén fáth tusa?

Éireoidh go geal leat sa ról seo:

- má tá fonn ort a bheith i gceannas ar shlí bheatha a thugann dúshlán, luach saothair agus a spreagann tú chun rath,
- más mian leat nuálaíocht a thiomáint, modhanna comhlíontachta éifeachtacha a éascú agus saineolas a léiriú chun athchóiriú a dhéanamh,
- má tá tú ag iarraidh torthaí a mhúnlú agus a sheachadadh ag leibhéal sinsearach.



Léigh tuilleadh >

# Cuir do shaineolas i bhfeidhm nuair is féidir leat an difríocht a dhéanamh

Déan iarratas anois trínár gCóras Rianaithe d'Iarratasóirí

Spriocdháta 28 Aibreán 2026 ag 13.00.

Chun tuilleadh sonraí a fháil agus an chaoi le hiarratas a dhéanamh, féach ar ár Leabhrán Eolais.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs